

ELeathanach293

Dé Luain 30 Aibreán 2018

Katie Taylor

Oíche Dé hAoine i Nua-Eabhrac bhí bua mór eile ag an dornálaí Éireannach Katie Taylor. An uair seo bhuaigh sí an Chraobh Dhomhanda san IBF (*International Boxing Federation*) - is curadh domhanda sa WBA (*World Boxing Association*) í cheana féin.

Sa bhliain 2012 ag na Cluichí Oilimpeacha i Londain bhuaigh Katie an bonn óir. Is iarpheileadóir le foireann náisiúnta na hÉireann í Katie freisin.

Tá Katie aon bhliain is tríocha d'aois. Is as Bré i gCill Mhantáin di. Tá ag éirí go hiontach le Katie! Comhghairdeas leat, a Katie!



Titanic Déanta as Lego ag Buachaill ón Íoslainn

Tá cónaí ar Brynjay Karl Bigisson i Réicivíc, príomhchathair na hÍoslainne. Tá sé 15 bliana d'aois anois. Cúig bliana ó shin thóg sé cóip den long mhí-ámharach Titanic le timpeall 60,000 mír Lego.

Ghlac sé 700 uair an chloig air an obair a chur i gcrích; sin níos mó ná aon mhí dhéag. Is innealtóir é a sheanathair agus chabhraigh seisean le Brynjay pleananna na loinge a athrú go scála 'daoine Lego'.

Anois tá a long Lego ar a bealach go hAmharclann an Titanic in Tennessee Mheiriceá. Roimhe seo bhí sí ar taispeáint ar fud na hEorpa. Tá sí ocht méadar ar fad agus beagnach dhá mhéadar ar airde.

Faoi láthair tá daltaí ó Scoil Montessori Chill Mhantáin ag glacadh páirte i gCraobhchomórtas Domhanda Lego in Detroit Mheiriceá. Go n-éirí leo!



Mission Impossible

Mission Impossible - Fallout is ainm don scannán nua. Tá an-cháil ar na scannáin seo. Is scannáin aicsin iad. Bíonn go leor ag tarlú iontu.

Is é Tom Cruise an príomhaisteoir sna scannáin seo. Labhair Tom Cruise faoin scannán nua agus dúirt sé go ndearna sé an-chuid de na héachtaí é féin.

Bhris sé a rúitín nuair a bhí sé ag obair ar an scannán toisc go raibh éachtaí deacra le déanamh aige. Beidh an scannán sna pictiúrlanna i Mí Iúil 2018.

